



An Rialálaí  
Carthanas

Charities  
Regulator

# Treoirnóta do Charthanasais Chláraithe maidir le Cruinniú Airgid trí Bhailiúcháin Lipéid Éadaigh agus trí Bhailiúcháin Bhainc Éadaigh



**MÁRTA  
2021**

## Séanadh Dílthiúil

Is é treoir atá de chineál ginearálta amháin a leagtar amach sa doiciméad seo. Níl an doiciméad ina ráiteas críochnúil, agus níl sé deartha chun a bheith ina ráiteas críochnúil, ar an dlí sa réimse seo. Moltar d'aon charthanas nó d'aon iontaobhaí carthanais comhairle chuí a fháil sula ndéanfaidh sé aon ghníomh a bhféadfadh iarmhairtí suntasacha dlí, iarmhairtí suntasacha cánach agus/nó iarmhairtí suntasacha eile a bheith aige.

### 1. Réamhrá

Áirítear leis na feidhmeanna atá ag an Rialálaí Carthanas faoin Acht Carthanas 2009 cuntasacht gach carthanais dá dheontóirí, dá thairbhíthe agus don phobal a chinntiú agus iontaoibh agus muinín an phobail as bainistiú agus riaradh carthanas a mhéadú. Ar aon dul leis na feidhmeanna sin, d'fhoilsigh an Rialálaí Carthanas 'Treoirínte d'Eagraíochtaí Carthanúla maidir le Cruinniú Airgid ón bPobal' ('na treoirínte maidir le cruinniú airgid') sa bhliain 2017, ina leagtar amach an dea-chleachtas do charthanais a ghabhann do chruinniú airgid ón bpobal.

Baineann ceann amháin de na hábhair imní is coitianta a chuireann daoine den phobal in iúl don Rialálaí Carthanas le cé acu atá nó nach bhfuil bailiúcháin áirithe lipéid éadaigh agus bailiúcháin áirithe bhainc éadaigh á n-eagrú ag carthanais chláraithe nó chun tairbhe do charthanais chláraithe. Is é is aidhm don treoirnóta seo cúnaimh a thabhairt d'iontaobhaithe carthanais a mbaineann a gcarthanas úsáid as bailiúcháin éadaigh mar mhodh cruinnithe airgid.

Maidir le haon deontóir atá ag iarraidh a chinntiú go dtairbheoidh carthanas d'aon éadach a thabharfar, molann an Rialálaí Carthanas dó/di an Clár Carthanas a sheiceáil ag [www.charitiesregulator.ie](http://www.charitiesregulator.ie) roimh ré chun a dheimhniú gur carthanas cláraithe í an eagraíocht lena mbaineann. Tá tuilleadh faisnéise do dheontóirí ar fáil san fhógra poiblí uainn dar teideal 'Bailiúcháin Éadaigh – Fógra Poiblí do Dheontóirí'. Ba cheart d'iontaobhaithe carthanais a chinntiú go bhfuil faisnéis a gcarthanais ar an gClár Carthanas cruinn agus cothrom le dáta.

Ní carthanais chláraithe iad na heagraíochtaí uile a iarrann tabhartais éadaigh. Bailíonn eagraíochtaí áirithe éadach ar bhonn tráchtála ar son brabúis. Níl an treoirchoiciméad seo dírithe ach amháin ar charthanais chláraithe a bhaineann úsáid as bailiúcháin éadaigh mar mhodh cruinnithe airgid.

Tá rialú ag iontaobhaithe carthanais ar a gcarthanas a bhainistiú agus tá siad freagrach as a gcarthanas a bhainistiú. Áirítear leis

sin gníomhaíochtaí cruinnithe airgid an charthanais. Ba cheart d'iontaobhaithe carthanais bheith in ann an cur chuige a ghlacann siad i leith cruinniú airgid ón bpobal a mhíniú agus údar a thabhairt leis an gcur chuige sin. Ba cheart faisnéis dhóthanach a thabhairt ar ábhar cur chun cinn amhail bileoigíní agus greamáin ionas gur féidir le deontóirí féideartha cinneadh eolach a dhéanamh ar cé acu a thabharfaidh nó nach dtabharfaidh sé/sí éadach. Tá sé sin ar aon dul le prionsabail 'na Macántachta agus an Ionracais' agus 'na Trédhearcachta agus na Cuntasachta', mar atá leagtha amach sna treoirínte maidir le cruinniú airgid.

Tríd is tríd, tagann bailiúcháin éadaigh ar son carthanas faoi cheann amháin de dhá chatagóir: bailiúcháin lipéid éadaigh nó bailiúcháin bhainc éadaigh.

### 1.2 Bailiúcháin Lipéid Éadaigh

Is é a bhíonn i gceist leis an gcineál bailiúcháin seo de ghnáth ná bileoigín nó lipéad a sheachadadh de lámh chuig teach nó chuig gnólacht, agus mála bailiúcháin ag gabháil leis uaireanta. Iarrtar ar an lipéad go bhfágfaí tabhartas éadaigh lasmuigh den teach nó den ghnólacht lena bhailiú ar dháta sonrath. Tá seans ann go bhfuil an bailiúchán á eagrú go díreach ag carthanas cláraithe nó gur sheachfhoinisigh carthanas cláraithe é chuig soláthraí seirbhíse i gcomaoin táille nó sciar den bhrabús.

### 1.3 Bailiúcháin Bhainc Éadaigh

Is é a bhíonn i gceist leis an gcineál bailiúcháin seo de ghnáth ná coimeádán mór a shuí in áit fheiceálach inar féidir le daoine den phobal tabhartais éadaigh a thaisceadh. Is é a bhíonn ar an lipéad ar an mbanc éadaigh de ghnáth ná roinnt mionsonraí maidir leis an achainí atá á déanamh agus treoir maidir leis an gcineál éadaigh ba cheart a thaisceadh. Mar an gcéanna, tá seans ann go bhfuil an bailiúchán á eagrú go díreach ag carthanas cláraithe nó gur sheachfhoinisigh carthanas cláraithe é chuig soláthraí seirbhíse i gcomaoin táille nó sciar den bhrabús.



## 2. Bailiúcháin Éadaigh atá á nEagrú go Díreach ag Carthanas Cláraithe

Ba cheart an fhaisnéis seo a leanas a bheith san ábhar cur chun cinn do bhailiúcháin lipéid éadaigh agus bailiúcháin bhainc éadaigh atá á n-eagrú go díreach ag carthanas cláraithe:

- Ainm, lógó, Uimhir Charthanais Chláraithe agus sonraí teagmhála an charthanais chláraithe (lena n-áirítear uimhir fóin, seoladh ríomhphoist agus seoladh suímh Ghréasáin).
- Tuairisc ghearr ina mionsonraítear conas a úsáidfeadh aon tabhartais, i.e., i gcás nach bhfuil sé beartaithe na tabhartais éadaigh a sheoladh go díreach chuig cliaint nó tairbhíthe an charthanais chláraithe agus, ina ionad sin, go bhfuil na tabhartais éadaigh le díol nó le hathchúrsáil, mar shampla, ba cheart an méid sin a chur in iúl go soiléir do dheontóirí.
- An tairbhe a bhainfidh an carthanas cláraithe as an tabhartas.

## 3. Bailiúcháin Éadaigh atá Seachfhoinsithe chuig Soláthraí Seirbhíse

Ní mór do charthanais chláraithe cuspóirí carthanúla, agus cuspóirí carthanúla amháin, a chur chun cinn agus ní mór tairbhe phoiblí a bheith ag gabháil leis na cuspóirí sin. Dá bhrí sin, níor cheart do charthanas cláraithe aon chomhaontú a dhéanamh lena dtugtar tairbhe phríobháideach dhíríreach do sholáthraí seirbhíse bailiúcháin lipéid éadaigh nó do sholáthraí seirbhíse bailiúcháin bhainc éadaigh i gcomparáid leis an tairbhe atá infhaighte ag an gcarthanas.

Amhail i gcás aon chomhaontaithe a dhéanann carthanas cláraithe, ba cheart do na hiontaobhaithe carthanais iad féin a shásamh go bhfuil siad ag fáil luach ar airgead. Mar shampla, má tá sé beartaithe leas a bhaint as soláthraí seirbhíse bailiúcháin tríú páirtí, moltar go n-iarrfaí trí luachan dhifriúla ó eagraíochtaí a sholáthraíonn an cineál seirbhíse sin. Bheifí ag súil leis go bhfaigheadh iontaobhaithe carthanais an fhaisnéis ábhartha ar fad sna luachana. Ba cheart a leagan amach go soiléir i dtairiscintí cén luach a bheidh ar thabhartais charthanúla agus cén céatadán den luach réadaithe a íocfar leis an gcarthanas cláraithe. Ba cheart don soláthraí seirbhíse bheith in ann fianaise a thabhairt ar an luach a réadaigh sé ó bhailiúcháin ar leith trí chóipeanna d'admhálacha ó thríú páirtithe a sholáthar nó trí mhodh cuí eile.

Ba cheart don charthanas cláraithe bheith in ann an t-ioncam a ghnóthaigh an soláthraí seirbhíse ó bhailiúcháin lipéid éadaigh charthanais agus ó bhailiúcháin bhainc éadaigh charthanais a fhíorú chun a chinntiú go bhfaighidh an carthanas an sciar comhaontaithe den ioncam ó na tabhartais. Tá seans ann go n-iarrfaidh deontóirí féideartha faisnéis ó charthanas cláraithe maidir lena dtabhartas éadaigh. Ba cheart do charthanais chláraithe bheith in ann faisnéis den sórt sin a thabhairt i gcomhréir le prionsabail na trédhearcachta agus na cuntasachta.

Ba cheart d'iontaobhaithe carthanais bheith ar an eolas gur sócmhainní iad lógó agus brandáil an charthanais agus gur gá iad a úsáid go héifeachtach. Dá bhrí sin, ba cheart d'iontaobhaithe carthanais gníomhú go cúramach chun a chinntiú nach n-úsáidtear sócmhainní an charthanais ach amháin chun a chuspóir carthanúil a chur ar aghaidh agus go mbaintear tairbhe phoiblí amach ag an am céanna. Trí chead a thabhairt do thríú páirtí ainm agus lógó an charthanais a úsáid, tá iontaobhaithe carthanais ag tabhairt cead don tríú páirtí a mbrandáil mar charthanas cláraithe a úsáid freisin. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go gcoinneodh iontaobhaithe carthanais rialú iomlán ar cén uair agus conas a úsáidtear brandáil an charthanais.

Tá iontaobhaithe carthanais freagrach as a chinntiú go bhfuil conradh foirmiúil i scríbhinn i bhfeidhm le haon soláthraí seirbhíse bailiúcháin éadaigh. Maidir leis an gconradh sin –

- ba cheart faisnéis shoiléir shonrach a thabhairt faoi chostas na seirbhíse bailiúcháin;
- ba cheart a leagan amach ann cén sciar de na tabhartais charthanúla a bhaileofar faoin gcomhaontú a íocfaidh an soláthraí seirbhíse leis an gcarthanas cláraithe agus cén mhodheolaíocht a úsáidfeadh chun an méid atá le híoc a chinneadh,

- ba cheart a chinntiú leis go bhfuil rialú ag an gcarthanas cláraithe ar an úsáid a bhaintear as bileoigíní cur chun cinn agus as lipéid chur chun cinn agus ar na limistéir ina bhfuil siad le húsáid,
- ba cheart a shonrú ann cé na limistéir ina bhfuil aon bhainc éadaigh le lonnú agus cá fhad a bheidh siad lonnaithe iontu,
- ba cheart a chinntiú leis go gcoinníonn an carthanas cláraithe rialú iomlán ar an úsáid a bhaintear as a bhranda agus as a lógó trí rialacha soiléire a leagan amach faoi conas agus cén uair a fhéadfar branda nó lógó an charthanais a úsáid,
- ba cheart teideal a thabhairt leis don charthanas an comhaontú a fhoirceannadh i gcás go n-úsáidtear brandáil an charthanais ar bhealach atá contrártha do théarmaí an chomhaontaithe nó ar bhealach nach dtagann faoi théarmaí an chomhaontaithe nó in imthosca eile ina bhfeidhmítear na socruithe ar bhealach a dhéanann dochar do leasanna an charthanais,
- ba cheart ceanglas a chur leis ar an soláthraí seirbhíse aon lipéid, aon bhileoigíní, aon ghreamáin agus aon ábhar cur chun cinn nár úsáideadh a aistriú chuig an gcarthanas cláraithe ag deireadh an téarma aontaithe nó tráth fhoirceannadh an chomhaontaithe.

Ba cheart an fhaisnéis seo a leanas a bheith san ábhar cur chun cinn do bhailiúcháin lipéid éadaigh agus bailiúcháin bhainc éadaigh atá á n-eagrú ag tríú páirtí thar ceann carthanais cláraithe nó mar chuid de shocrú conarthach:

- Ainm agus sonraí teagmhála an tsoláthraí seirbhíse (lena n-áirítear uimhir fóin, seoladh ríomhphoist agus seoladh suímh Ghréasáin).
- Ainm, lógó, Uimhir Charthanais Chláraithe agus sonraí teagmhála an charthanais chláraithe (lena n-áirítear uimhir fóin, seoladh ríomhphoist agus seoladh suímh Ghréasáin).
- Tuairisc ghearr ina mionsonraítear conas a úsáidfeadh aon tabhartais, i.e., i gcás nach bhfuil sé beartaithe na tabhartais éadaigh a sheoladh go díreach chuig cliaint nó tairbhíthe an charthanais chláraithe agus, ina ionad sin, go bhfuil na tabhartais éadaigh le díol nó le hathchúrsáil, mar shampla, ba cheart an méid sin a chur in iúl go soiléir do dheontóirí.
- An tairbhe a bhainfidh an carthanas cláraithe as an tabhartas.

I gcás gur sheachfhoinsigh carthanais cláraithe bailiúcháin éadaigh chuig soláthraí seirbhíse i gcomaoin táille nó sciar den bhrabús, ba cheart don charthanas a chinntiú nach bhfágfadh an bealach ina dtaispeántar a lógó – i.e., méid nó suíomh lógó an charthanais i gcoibhneas le méid nó suíomh lógó an tsoláthraí seirbhíse – go gcreidfeadh duine le réasún go bhfuil sé/sí ag tabhairt an éadaigh go díreach don charthanas cláraithe nuair nach mar sin atá. Ar aon dul leis an dea-chleachtas, ba cheart cineál agus méid na tairbhe a gheobhaidh an carthanas cláraithe a lua ar aon ábhar cur chun cinn, a d'fhágfadh go mbeadh trédhearcacht iomlán ann do dheontóirí féideartha maidir le cineál an tsocraithe idir an carthanas agus an soláthraí seirbhíse tríú páirtí.

Is faoi na hiontaobhaithe carthanais atá sé a chinntiú go bhfuil siad ag comhlíonadh a ndualgas maidir le gníomhú le barr leasa a gcarthanais agus maidir le sócmhainní a gcarthanais a bhainistiú, go bhfuil siad ag cinntiú cuntasacht do dheontóirí agus don phobal agus go bhfuil siad ag déanamh rialú ar an úsáid a bhaintear as féiniúlacht agus brandáil phoiblí a gcarthanais. **Nualr is gá, ba cheart d'iontaobhaithe carthanais comhairle ghairmiúil a lorg sula ndéanfadh siad aon chomhaontú le tríú páirtithe i ndáil le bailiúcháin éadaigh nó i ndáil le cineálacha eile cruinnithe airgid.**





## 4. Úinéir Réadmhaoine

Más rud é gur úinéir réadmhaoine thú agus go n-iarrann duine aonair nó eagraíocht cead uait chun banc éadaigh a shuí ar do réadmhaoin chun tairbhe do charthanas, ba cheart duit an Clár Carthanas, atá ar fáil ar líne ag [www.charitiesregulator.ie](http://www.charitiesregulator.ie), a sheiceáil chun a chinntiú go bhfuil an carthanas cláraithe. Ba cheart duit teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an gcarthanas freisin chun a dheimhniú gurb eol dó go bhfuil tabhartais éadaigh á lorg thar a cheann.

## 5. Ábhair Cur Chun Cinn atá Míthreorach

Faoi alt 41 den Acht Carthanas 2009, is ciontach i gcion a bheidh aon duine a dhéanann fógraíocht thar ceann eagraíocht charthanúil nach bhfuil cláraithe, a thugann cuireadh do dhaoine den phobal airgead nó maoin a thabhairt d'eagraíocht charthanúil nach bhfuil cláraithe nó a ghlacann le hairgead nó maoin den sórt sin thar ceann eagraíocht charthanúil nach bhfuil cláraithe. Is ciontach i gcion freisin a bheidh aon eagraíocht charthanúil neamhcláraithe a sheolann gníomhaíochtaí den sórt sin.

Faoi alt 46(2) den Acht Carthanas 2009, is ciontach i gcion a bheidh aon eagraíocht nach carthanas cláraithe í a dhéanfaidh, in aon fhógra, fógrán, litríocht chur chun cinn nó aon ábhar foilsithe eile, í féin nó a gníomhaíochtaí a thuairisciú i cibé téarmaí a d'fhágfadh go gcreidfeadh daoine den phobal le réasún gur eagraíocht charthanúil í.

Dá mba mhaith leat gearán a dhéanamh faoi bhileoigín nó fógrán míthreorach lena n-iarrtar tabhartais éadaigh, is féidir leat ábhar imní a chur in iúl don Rialálaí Carthanas trínár bhfoirm ábhar imní ar líne a chomhlánú, rud atá ar fáil ag [www.charitiesregulator.ie](http://www.charitiesregulator.ie). Má tá ábhar imní láithreach agat nach macánta atá bailiúcháin éadaigh, mholfadh an Rialálaí Carthanas duit teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána. Déanann an Rialálaí Carthanas idirchaidreamh leis an nGarda Síochána i leith na nithe sin ar bhonn leanúnach.

## 6. Eile

Maidir leis an Rialálaí Carthanas –

- ní thugann sé aon treoir do sholáthraithe seirbhíse bailiúcháin éadaigh tráchtála,
- ní thugann sé aon chomhairle maidir le comhaontuithe conarthacha aonair idir carthanas cláraithe agus soláthraí seirbhíse bailiúcháin tríú páirtí, agus

- ní cheadaíonn sé aon téacs lena chur ar áireamh ar lipéad bailiúcháin éadaigh agus ní cheadaíonn sé aon dearadh ar ghreamáin nó ar fhógraí eile atá le greamú ar bhainc éadaigh nó atá le húsáid orthu ar shlí eile.

Tá tuilleadh faisnéise ar fáil sa doiciméad uainn dar teideal 'Treoirlínte d'Eagraíochtaí Carthanúla maidir le Cruinniú Airgid ón bPobal', atá ar fáil ar [www.charitiesregulator.ie](http://www.charitiesregulator.ie)

Tá an treoir seo á heisiúint ag an Rialálaí Carthanas de bhun alt 14(1) den Acht Carthanas 2009.